

## Seirbhísí na Ranna Beartais

Is é atá i ranna beartais ná aonaid taighde a thugann tacaíocht do chomhlachtaí parlaiminteacha (an tUachtarán, coistí, agus an tArd-Rúnaí) le linn dóibh a gcúraimí reachtacha agus institiúideacha a chomhlíonadh. Soláthraíonn siad saineolas inmheánach agus seachtrach chun tacú leis na coistí agus le comhlachtaí parlaiminteacha eile le linn dóibh reachtaíocht a cheapadh agus grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú.

Chun forléargas a fháil ar na seirbhísí taighde uile a chuireann Parlaimint na hEorpa ar fáil, tabhair cuairt ar: <http://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/sources.html>

Cad iad na tréithe a fhágann gur aonaid uathúla iad ranna beartais?

- Tá siad tiomnaithe i leith fónamh do choistí agus pléann siad le hiarrataí ar shaineolas ó na coistí.
- Oibríonn siad ar bhonn tosaíochtaí polaitiúla atá leagtha síos ag na coistí.
- Chomh maith le tacaíocht ó speisialtóirí inmheánacha a chur ar fáil, tairgeann siad rochtain ar shaineolaithe íoctha seachtracha freisin.

### AN ROINN BEARTAIS UM NA BEARTAIS EACNAMAÍOCHTA, EOLAÍOCHTA AGUS CAIGHDEÁIN SAOIL

Soláthraíonn Roinn Beartais A saineolas ardchaighdeán, anailís atá cothrom le dáta agus taighde neamhspleách do na coistí a dtacaíonn sí leo: **ECON, EMPL, ENVI, ITRE agus IMCO**.

Is mar a leanas a fhónann Roinn Beartais A dá Coistí:

1. **Coistí a chur i gceangal** le líonra forleathan saineolais sa réimse acadúil, i ngnólachtaí sainchomhairleoireachta speisialtóireachta, agus i meithleacha machnaimh, in institiúidí eile AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta;
2. Sainchomhairle bheartais agus taighde atá spriocdhírthe go cúramach a **sholáthar** ag aon phointe sa timthriall reachtach, ar chomhairle í agus ar taighde é atá neamhspleách, lena mbaineann ardchaighdeán agus ina dtugtar aird ar íogaireachtaí polaitiúla; ag tacú leis an ról grinnscrúdúcháin atá ag coistí;
3. **Oiriúnú a dhéanamh ar thaighde coiste** chun tacú le rannpháirteachas eolasach idir saoránaigh AE agus na Feisirí; á áirithiú go ndéantar obair pharlaiminteach ar bhealach oibiachtúil agus gur saineolaithe a dhéanann í;
4. **Bainistíocht** a dhéanamh ar bhuiséid saineolais coistí, tionscadail a chur chun feidhme, saineolas seachtrach a úsáid chun ceanglais atá leagtha síos ag comhordaitheoirí Coiste a chomhlíonadh.

Soláthraíonn anailísithe agus taighdeoirí **inmheánacha** faisnéis ad-hoc agus anailís bheartais, mar fhreagra ar iarraidh shonrach nó as a stuaim féin agus tar éis dul i gcomhairle go pearsanta le Feisirí. Ina theannta sin, tacaíonn siad le hobair an Uachtaráin agus an Ard-Rúnaí i dtaca le seisiúin eolais agus faisnéis chúlra de.

**Déantar saineolas seachtrach** íoctha a sholáthar go heisiach ar iarraidh a fháil ón gcoiste, tar éis cinneadh ó chomhordaitheoirí an Choiste lena. Déantar leithreasú buiséid a leithroinnt do na coistí gach bliain chuige sin. Le linn dóibh a bheith ag obair le saineolaithe seachtracha, áirithíonn an roinn beartais go sroicheann an taighde na caighdeáin is airde agus is féidir i dtaca le neamhspleáchas agus cáilíocht de, agus go dtugann




sé aghaidh ar riachtanais shonracha an choiste. Chuige sin, roghnaítear saineolaithe seachtracha trí nósanna imeachta soláthair atá bunaithe ar chritéir oibiachtúla roghnúcháin agus dámhachtana. Déanann an roinn beartais formhaoirseacht dhlúth ar obair na saineolaithe ansin lena áirithiú go bhfuil an obair i gcomhréir go hiomlán leis an iarraidh ar thaighde.

Is iad seo a leanas na táirgí taighde is coitianta a sholáthraíonn Roinn Beartais A:

- **“Srcfhéachaint”:** páipéar taighde 2 leathanach ina soláthraítear achoimre ghonta ar bheartas ar leith, ar thogra le haghaidh reachtaíochta nó ar imeacht, lena n-áirítear faisnéis riachtanach ina bhfuil téacs agus grafaicí, móide naisc agus moltaí i leith tuilleadh ábhair léitheoireachta.
- **Faisnéisiú:** páipéar gonta taighde ina soláthraítear faisnéis chúlra maidir le hábhair atá sainithe go mion, ar faisnéis í ar féidir í a chur san áireamh, mar shampla, i ndruchtú tuarascála coiste.
- **Grinnanailís:** páipéar taighde meánfhaid ar páipéar é, de ghnáth, atá bainteach go díreach le togra le haghaidh reachtaíochta nó le tuarascáil féintionscnaimh atá ar na bacáin.
- **Staidéar:** páipéar taighde de chineál níos fadtéarmaí a gcuirtear scrúduithe comparáideacha ar fáil ann de ghnáth maidir le dlíthe nó beartais Ballstát nó tríú tíortha i réimsí nach bhfuil aon anailís den sórt sin ar fáil ina leith. D’fhéadfadh sé tarlú go mbainfear úsáid astu mar bhonn le haghaidh obair pharlaiminteach níos faide anonn nó le haghaidh taighde de chineál níos spriocdhírthe.
- **Ceardlann:** sainseisiún le grúpa saineolaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist shonrach a ardaíonn an coiste. Tugann ceardlann le chéile saineolaithe neamhspleácha ar conradh as eagraíochtaí seachtracha, amhail ollscoileanna, agus ní gá go mbeadh sí ar oscailt do dhaoine den phobal
- **Painéal Saineolaithe ar Idirphlé Airgeadaíochta** grúpa saineolaithe a sholáthraíonn mionteagaisc roimh na seisiúin ráithiúla Idirphlé Airgeadaíochta le hUachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE).

## CONAS A IARRTAR SAINEOLAS AR ROINN BEARTAIS A?



## SÚIL A CHAITHEAMH AR CHOISTE ECON


Laistigh de Roinn Beartais A, soláthraíonn [meitheal shonrach](#) saineolas agus comhairle don Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) i réimsí uile de chuid chúraimí an choiste.

Tá Coiste ECON freagrach as an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), rialáil na seirbhísí airgeadais, saorghluaiseacht caipitil agus íocaíochtaí, beartais chánachais agus iomaíochta, agus an córas airgeadais idirnáisiúnta. Liostaítear cumhachtaí agus freagrachtaí Choiste ECON in [Iarscríbhinn V de Rialacha Nós Imeachta PE](#). Glacann Uachtarán BCE páirt in Idirphlé Airgeadaíochta rialta le Coiste ECON.

## TEAGLAIM DE PÁIPÉIR THAIGHDE A D'IARR COISTE ECON LE DÉANAÍ

### **Idirphlé Airgeadaíochta:**


#### An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta: Mar a bhí, mar atá faoi láthair, agus mar a bheidh



Is é atá sa chonclúid ar thángthas uirthi sa staidéar seo ná go ndearbhaíonn stair fiche bliain an euro cobhsaíocht agus seasamh an euro mar an dara hairgeadra is mó úsáid de chuid an domhain, go dtacaíonn tromlach dhaonra limistéar an euro leis agus go nglactar leis mar rud maith don Aontas Eorpach. Tá éirithe leis an mBanc Ceannais Eorpach an boilsciú a choimeád ag leibhéal íseal. Ach, le linn na mblianta ó 2010 go 2019, chruthaigh fiachas agus géarchéim airgeadais na hEorpa gá le hathchóiriú fairsing institiúideach agus níl an obair ina leith sin críochnaithe fós.



#### Forléargas ar an Aontas Airgeadaíochta



Sa pháipéar staidéir seo déantar cur síos ar ghnóthachtálacha agus ar dhúshláin. Mar fhreagairt ar ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh agus ar iarrachtaí an Eurochórais tacú le hathchóiriú fíoscach agus struchtúrach agus, ina dhiaidh sin, an boilsciú a athbhunú chuig an sprioc a bhí ann ina leith, chuir an tEurochóras é féin i riocht deacair, rud ba chúis le seachéifeachtaí nach raibh beartaithe. Ag an am céanna, níl comhthoilíú forleathan ann fós i measc bhaill an limistéir euro maidir le creat institiúideach gnóthaí airgeadaíochta agus fíoscacha a athchóiriú.



#### An Beartas Airgeadaíochta Aonair agus Dílárú: Measúnacht: Measúnú




Sa pháipéar seo, leagtar amach agus athbhreithnítear saincheistanna beartais agus dlí a bhaineann le dílárú an bheartais airgeadaíochta san Aontas Eorpach, díritear ar fheidhm iasachtóir na rogha deiridh (LOLR), ar mhaoirseacht mhacrastruamachta agus ar sholáthar agus ar thuirisciú cúnamh leachtachta éigeandála (ELA). Soláthraítear moltaí maidir le beartas.



### **Staidéir áirithe eile:**

#### Criptea-airgeadraí agus Blocshlabhra: An Comhthéacs Dílíthiúil



Is ábhar inní do níos mó rialálaithe ná riamh é coirpigh a bhfuil níos mó úsáide ná riamh á baint acu as criptea-airgeadraí i gcomhair gníomhaíochtaí aindleathacha amhail sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus imghabháil cánach. Is fadhb shuntasach í: cé nach eol scála iomlán na mí-úsáide i leith airgeadraí fíorúla, tá tuairiscí ann á rá go bhfuil luach margaidh na mí-úsáide sin os cionn EUR 7 mbilliún ar bhonn domhanda. Sa staidéar seo, déantar mionscrúdú ar an bhfeiniméan seo ó thaobh cúrsaí dlí de agus cuimsíonn sé moltaí maidir leis an mbeartas i ndáil le caighdeáin AE amach anseo.



## Ról an Aontais Eorpaigh i bhFóiraim Idirnáisiúnta Eacnamaíochta: An G20



Tá an páipéar seo ina chuid de shraith naoi staidéar faoi ról an Aontais Eorpaigh i bhfóiraim idirnáisiúnta eacnamaíochta. Tugann sé faisnéis fhíorasach chúlra faoin G20 agus faoi ról AE agus faoi ionadaíocht san fhóram sin, faoi chuntasacht agus, chomh maith leis sin, faoi chomhordú agus faoi thionchar an fhóiraim. Leagann sé amach creat dlíthiúil AE le haghaidh rannpháirtíocht AE agus a Bhallstát sa G20. Agus creat cuntasachta dhá shraith á chur i bhfeidhm, sainaithníonn sé bearnaí cuntasachta agus, mar chonclúid, tá moltaí ann maidir le beartas.



## Mídhíol Táirgí Airgeadais: Margú, Díol agus Dáileadh



Tá an staidéar sin ina chuid de shraith cúig staidéar faoi mídhíol táirgí airgeadais san Aontas Eorpach. Déantar athbhreithniú sa staidéar ar chreat reachtach agus rialála an Aontais Eorpaigh i leith margú, díol agus dáileadh táirgí airgeadais d'fhonn measúnacht a dhéanamh i dtaobh ar bhain athchóirithe rialála iar-ghéarchéime AE a gcuid cuspóirí amach agus, más rud é nár bhain, cad iad na bearnaí agus na laigí atá ann i gcur chuige rialála reatha an Aontais Eorpaigh.



## An beartas maidir le hiomaíocht agus an Margadh Inmheánach Fuinnimh



Sainaithníonn an staidéar seo saincheistanna tábhachtacha áirithe a bhaineann le cúrsaí iomaíochta sa mhargadh inmheánach fuinnimh. Pléann sé ról dhlí na hiomaíochta i leith na saincheistanna seo a leanas: Státchabhair, bainistiú ar phlódú, sásra um luach saothair don toilleadh, margaí cothromúcháin, iomaíocht éifeachtach idir soláthróirí, comhtháthú gníomhaithe nua sa mhargadh, agus bochtaineacht fuinnimh. Chun dul i ngleic leis na saincheistanna seo atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, soláthraíonn an staidéar táscairí maidir leis an ngá láithreach, agus maidir leis an ngá amach anseo, i leith ionstraimí de chuid dhlí na hiomaíochta agus, chomh maith leis sin, cineálacha eile ionstraimí, a chur i bhfeidhm.



### Teagmhálaithe Roinn Beartais A

- Roinn Beartais A – Beartais Eacnamaíochta, Eolaíochta agus Caighdeáin Saoil  
ECON - EMPL - ENVI - ITRE - IMCO - [poldep-economy-science@ep.europa.eu](mailto:poldep-economy-science@ep.europa.eu)
- Meitheal ECON: Dirk VERBEKEN - [dirk.verbeken@ep.europa.eu](mailto:dirk.verbeken@ep.europa.eu) - 0032 228 48358
- Meitheal ECON: Drazen RAKIC - [drazen.rakic@ep.europa.eu](mailto:drazen.rakic@ep.europa.eu) - 0032 228 33361
- Meitheal ECON: Dario PATERNOSTER - [dario.paternoster@ep.europa.eu](mailto:dario.paternoster@ep.europa.eu) - 0032 228 32479
- Meitheal ECON: Denitza DESSIMIROVA - [denitza.dessimirova@ep.europa.eu](mailto:denitza.dessimirova@ep.europa.eu) - 0032 228 30507

Tá ár gcuid páipéar taighde go léir ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

<https://www.europarl.europa.eu/committees/en/econ/supporting-analyses.html>

**Séanadh agus cóipcheart** Is iad tuairimí na n-údar na tuairimí a nochtar sa doiciméad seo agus a dtuairimí sin amháin agus ní gá gur léiriú ar sheasamh oifigiúil Pharlaimint na hEorpa iad. Údaraítear atáirgeadh agus aistriú chun críoch neamhthráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinsé, agus go dtabharfar fógra roimh ré do Pharlaimint na hEorpa agus go seolfar cóip chuici. © An tAontas Eorpach 2019.

Lámhscríbhinn arna tabhairt chun críche an: Bealtaine 2019; Dáta an fhoilseacháin: Meitheamh 2019  
Riarthóir a bhí freagrach: Dirk VERBEKEN; Cúntóir Eagarthóireacha: Janetta CUJKOVA

IP/A/ECON/2019-17

Print ISBN 978-92-846-5220-4 | doi: 10.2861/128199 | QA-04-19-511-GA-C  
PDF ISBN 978-92-846-5172-6 | doi: 10.2861/786678 | QA-04-19-511-GA-N